**1.** Cad é? — What is it?
Cad é seo? — What is this?
Cad é sin? — What is that?

Is *cupán* é. — It's a *cup*.

Cad iad seo? — What are these?
Is *cupáin* iad. — They're *cups*.

**2.** Is maith liom *líomanáid*. — I like *lemonade*.
Ní maith liom *líomanáid*. — I don't like *lemonade*.
An maith leat *líomanáid*? — Do you like *lemonade*?
Nach maith leat *líomanáid*? — Don't you like *lemonade*?

Is maith. — Yes [is good].
Ní maith. — No [isn't good].

Is breá liom *líomanáid*. — I love *lemonade*.
Is aoibhinn liom *líomanáid*. — I love *lemonade*.
Is fearr liom *uisce*. — I prefer *water*.
Is fuath liom *líomanáid*. — I hate *lemonade*.

Cad is maith leat? — What do you like?
Cén saghas bia is maith leat? — What kind of food do you like?
Cén saghas bia is fearr leat? — What type of food is your favorite?

**3.** Ba mhaith liom *líomanáid*. — I'd like *lemonade*.
Níor mhaith liom *líomanáid*. — I wouldn't like *lemonade*.
Ar mhaith leat *líomanáid*? — Would you like *lemonade*?
Nár mhaith leat *líomanáid*? — Wouldn't you like *lemonade*?

Ba mhaith. — Yes [would be good].
Níor mhaith. — No [wouldn't be good].


Ba bhreá liom *líomanáid*. — I'd love some *lemonade*.
B'fhearr liom *uisce*. — I'd prefer *water*.

Cad ba mhaith leat? — What would you like?
Cén saghas bia ba mhaith leat? — What kind of food would you like?

| | | | |
|---|---|---|---|
| liom | with me | linn | with us |
| leat | with you | libh | with ye |
| leis | with him | leo | with them |
| léi | with her | le Máire | with Mary |

**Comhrá 1**
A: Cad é seo?
B: Is *arán* é
A: An maith leat *arán*?
B: Is maith. Is breá liom *arán*.

**Conversation 1**
What is this?
It's *bread*.
Do you like *bread*?
Yes. I love *bread*.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
|  |  |  |  |  |  |
| **arán** | **bagún** | **bainne** | **cabáiste** | **caife** | **iasc** |

**Comhrá 2**
A: Ar mhaith leat tae?
B: Níor mhaith. Ba mhaith liom bainne.
A: Ar mhaith leat brioscaí freisin?
B: Ba mhaith. Go raibh maith agat.

**Conversation 2**
Would you like some tea?
No. I'd like some milk.
Would you like some cookies, too?
Yes. Thank you.

**Comhrá 3**
A: Ar mhaith leat glasraí?
B: Níor mhaith. Ba mhaith liom prátaí.
A: Nach maith leat glasraí?
B: Is maith, ach b'fhearr liom prátaí anois.

**Conversation 3**
Would you like some vegetables?
I wouldn't. I'd like potatoes.
Don't you like vegetables?
I do, but I'd prefer potatoes now.

**Comhrá 4**
A: Ar mhaith leat feoil?
B: Níor mhaith. Is fuath liom feoil.
A: Cén saghas bia ba mhaith leat?
B: Ba mhaith liom cáis. Is breá liom cáis.
A: Ar mhaith leat torthaí freisin?
B: Ba mhaith, go raibh maith agat.

**Conversation 4**
Would you like some meat?
No. I hate meat.
What kind of food would you like?
I'd like some cheese. I love cheese.
Would you like some fruit, too?
Yes, thank you.

**Comhrá 5**
A: Cén saghas bia ba mhaith libh?
B: Ba bhreá linn sailéad.
A: An maith le Máire iasc?
B: Ní maith. Is fuath léi iasc.
A: Ar mhaith le Seán milseáin?
B: Níor mhaith. Ní maith leis milseáin.

**Conversation 5**
What kind of food would you like?
We'd love some salad.
Does Mary like fish?
No. She hates fish.
Would Sean like some candy?
No, he doesn't like candy.